Scamhóga ag Fairsingiú agus ag Crapadh

Gníomhaíocht

Fearas	Buidéal beag plaisteach, 2 bhalún chruinne, siosúr
Ranganna	Rang a 5 – Rang a 6
Ullmhúchán	Ní gá
Cúlra	Nuair a thógann tú isteach anáil, bogann an scairt (.i. matán atá thíos faoi do chliabhrach) síos; bogann d'easnacha amach. Mar sin, éiríonn an spás níos mó agus tá an brú aeir sna scamhóga níos lú. Gluaiseann aer isteach go tapa ón taobh amuigh. Nuair a scaoileann tú amach anáil, bogann an scairt suas arís, bogann na heasnacha ar ais isteach arís agus brúnn sé seo an t-aer amach.  **Oibríonn an tsamhail ar an gcaoi chéanna:** Nuair a tharraingíonn tú anuas ar an rubar, éiríonn an spás taobh istigh níos mó agus leathann an t-aer amach. Anois tá an brú aeir sa bhuidéal níos ísle; mar sin, brúnn an brú aeir taobh amuigh, atá níos airde, brúnn sé aer isteach. Tá an balún sa bhealach air agus mar sin, tógann sé isteach an t-aer (amhail is go raibh tú ag tarraingt anála isteach.) Nuair a bhrúnn tú an rubar isteach, tarlaíonn a mhalairt – brúitear an t-aer taobh istigh den bhuidéal (brú aeir atá níos airde) agus brúnn an brú aeir seo an t-aer amach as an mbalún (amhail is go raibh tú ag scaoileadh anála amach.)
Sprioc Cheisteanna	Cén fáth a gcaithfidh tú análú? (Chun aer a thógáil isteach) Cén fáth a gcaithfidh tú aer a thógáil isteach? (Chun ocsaigin a thabhairt do do chorp) Cén fáth a dteastaíonn ocsaigin uait? (Úsáideann cealla an choirp ocsaigin chun fuinneamh a scaoileadh ó bhia. Tá do chorp déanta de chealla – is aonaid bheaga bhídeacha iad. Gan ocsaigin, d'éagfadh na cealla taobh istigh de chúpla nóiméad). Cad a análann tú amach? Dé-ocsaíd charbóin.
Naisc Thraschuraclam	OSPS
Scileanna	Ag tástáil Ag breathnóireacht
Ábhair	Dúile Bheo – Mise Fórsaí

Scamhóga ag Fairsingiú agus ag Crapadh

Gníomhaíocht

Ór

Gníomhaíochtaí

Déan samhail de do scamhóga

1. Brúigh balún isteach i scrogall buidéil agus fill caolán an bhalúin thart ar an scrogall.
2. Gearr caolán iomlán an bhalúin eile de agus cuir de láimh é. Sín an chuid eile den bhalún ar bhun oscailte an bhuidéil. Caithfidh an séala a bheith aerdhíonach (bain úsáid as téip chun é a shéaladh, más gá).
3. Tarraing ar lár an phíosa rubair. Cad a tharlaíonn don bhalún? (Éiríonn sé níos mó.)
4. Scaoil uait an píosa rubair agus brú isteach go bog é. Cad a tharlaíonn don bhalún? (Éiríonn sé níos lú).
5. Déan Treoracha a 3 agus a 4 arís:

tóg anáil isteach nuair a bhíonn tú ag déanamh Treoir a 3 – an mbraitheann tú d'easnacha ag bogadh amach de réir mar a fhairsingíonn na scamhóga agus a bhogann do scairt síos?

agus scaoil anáil amach nuair a bhíonn tú ag déanamh Treoir a 4 – an mbraitheann tú d'easnacha ag bogadh isteach arís de réir mar a chrapann na scamhóga agus a bhogann do scairt suas?

An bhfeiceann tú go bhfuil cosúlachtaí idir na bealaí a n-oibríonn do scairt (an rubar) agus do scamhóga (an balún)?

Aire

Leathnú

Bí cúramach le huisce te (don leathnú thíos)

Seo gníomhaíocht eile a thaispeánann conas a théann aer ón atmaisféar isteach i spás ina bhfuil brú aeir atá níos lú.

Fearas: Buidéal gloine (bheadh buidéal folamh fíona oiriúnach), balún, siosúr, uisce te (ní gá uisce atá ag fiuchadh a úsáid), crúiscín nó babhla ard le huisce fuar ann.

Modh:

1. Líon buidéal gloine le huisce fionnuar (aire: ná húsáid uisce atá ag fiuchadh mar d'fhéadfadh an gloine scoilteadh. Cén fáth? Mar fairsingeoidh an chuid taobh istigh den bhuidéal sula bhfairsingíonn an chuid taobh amuigh agus mar sin scoiltfidh sé ar oscailt).

2. Fág ar feadh cúpla nóimead é chun an buidéal a théamh.
3. Doirt amach an t-uisce.
4. Sín caolán an bhalúin thar bharr an bhuidéil.
5. Cuir an buidéal ina sheasamh i gcrúiscín nó i mbabhla le huisce fuar.
6. Fan cúpla nóiméad. Cad a tharlaíonn don bhalún? (Brúitear an balún isteach sa bhuidéal.)

Míniú: Nuair a théitear an t-aer sa bhuidéal, fairsingíonn sé. Éalaíonn cuid de. Nuair a fhuaraíonn an t-aer atá fágtha sa bhuidéal, crapann sé. Mar sin, tá spás folamh sa bhuidéal (brú aeir níos ísle). Déanann an t-aer taobh amuigh iarracht dul isteach sa bhuidéal. Tá an balún sa bhealach air – mar sin brúitear isteach an balún freisin.